Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Feabhra 2022
(OR. en)

6254/22

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0001(NLE)**

VISA 30
MIGR 49
COASI 37

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Vanuatú i ndáil le tarscaoileadh ar víosa ghearrfhanachta a chur ar fionraí go páirteach<br>– Glacadh |

1. An 12 Eanáir 2022, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Vanuatú i ndáil le tarscaoileadh ar víosa ghearrfhanachta a chur ar fionraí go páirteach[1].

2. An 10 Feabhra 2022, tháinig an Mheitheal um Víosaí ar chomhaontú faoin togra sin.

3. Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle[2]. Dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

---

[1] 5273/22.

[2] Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle an Cinneadh thuasluaite ón gComhairle a ghlacadh faoi mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air, mar a leagtar amach in 6190/22 é, mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

Foilseofar an Cinneadh ón gComhairle san Iris Oifigiúil i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme.

---